2025/1308

2.7.2025

CINNEADH (AE) 2025/1308 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meitheamh 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) i ndáil le Moladh Airteagal 16 ó EDC lena leasaítear an Córas Comhchuibhithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('Coinbhinsiún CC'thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle [1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

(2) De bhun Airteagal 7 de Choinbhinsiún CC, féadfaidh an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe tograí a mholadh do Chomhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) le haghaidh leasuithe ar Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe ('Ainmníocht CC'). De bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, féadfaidh Comhairle EDC leasuithe a mholadh do na Páirtithe Conarthacha.

(3) Meastar go ndéanfaidh Comhairle EDC cinneadh maidir le dréachtmholadh do na Páirtithe Conarthacha le haghaidh leasú ar Ainmníocht CC ag na seisiúin a bheidh aici i mí an Mheithimh 2025 ('an dréachtmholadh'). Tá an dréachtmholadh le glacadh ar bhonn togra a d'ullmhaigh an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe agus tá bailchríoch le cur air le linn an 75ú cruinniú a bheidh aige an 10-21 Márta 2025. Tá sé le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2028.

(4) Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofar Ainmníocht CC cothrom le dáta agus i gcomhréir le teacht chun cinn na bpatrún trádála agus le forbairt teicneolaíochtaí nua, agus go léireofaí léi, a mhéid is féidir, riachtanais na n-úsáideoirí. Áirítear sa dréachtmholadh atá beartaithe go leor sraitheanna leasuithe lena gcuirtear san áireamh an gá atá le hAinmníocht CC a nuachóiriú nó a chur in oiriúint dá timpeallacht.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle EDC i ndáil leis an dréachtmholadh a bhunú, ós rud é, a luaithe a ghlacfar leis faoi Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, go mbeidh an Moladh ina cheangal ar an Aontas agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle [2].

(6) Ba cheart gurb é seasamh an Aontais i gComhairle EDC tacú leis an dréachtmholadh, chomh maith le haon mhionathrú eagarthóireachta a d'fhéadfaí a mheas a bheith riachtanach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) ag na seisiúin a bheidh aici i mí an Mheithimh 2025 glacadh leis an Dréachtmholadh faoi Airteagal 16 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('Coinbhinsiún CC') a bhaineann leis an leasú ar an gCóras Comhchuibhithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn Q a ghabhann le Doiciméad NC3358Ba (Tuarascáil HSC/75/Márta 2025).

[1] Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/369/oj).

[2] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe eagarthóireachta ar an Dréachtmholadh faoi Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC i bhfianaise forbairtí ag seisiúin Chomhairle EDC atá ar na bacáin, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 23 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. SIEKIERSKI